Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 20

# An Garda Síochána

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, pinsin etc. ina measc; chun íoc as costais finnéithe áirithe, agus chun íoc as deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €2.18 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 cuid den chuntas chomh maith.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse a n-ionchas saoil ag tosú sa mhí atá taifeadta i gclárleabhar na sócmhainní seasta.

Cuirtear na rátaí dímheasa caighdeánacha i bhfeidhm i dtaca le trealamh oifige agus TF, agus i dtaca le troscán agus feistis. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le hábhar i gcás sócmhainní caipitil eile

- aerárthach: 5% in aghaidh na bliana
- báid: 10% in aghaidh na bliana
- feithiclí: 25% in aghaidh na bliana

***Talamh agus foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Gardaí faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá san áireamh le cuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Tá tailte i seilbh an Gharda Síochána do pháirceanna spóirt ag an Teampall Mór a bheadh le húsáid ag a gcuid mac léinn. Táthar ag déanamh plé faoin talamh seo le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an bhainistíocht agus an teideal a thabhairt chun rialtachta de réir noirm na seirbhíse poiblí. Tá gach réadmhaoin eile atá á húsáid ag an nGarda Síochána i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí, agus mínítear sin i gcuntas leithreasa na hOifige sin.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú sa Gharda Síochána. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Choimisinéir Gníomhach an Gharda Síochána. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na gnéithe seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- córas buiséadta cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearaí
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearaí a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Gharda Síochána
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta.

***Bainistiú Riosca***

Tugann An Garda Síochána cinneadh Thuarascáil Chigireacht an Gharda dá *aire Changing Policing in Ireland – November 2016* mar ar aithníodh roinnt deiseanna feabhsúcháin I réimsí an rialachais agus an bhainistithe riosca. Áiríodh i measc na ndeiseanna feabhsúcháin a aithníodh i mbainistiú riosca maoirseacht agus feidhmiú an bhainistithe riosca ag leibhéal oibríochtúil chomh maith le feidhmiú an Bhoird Rialachais Riosca.

Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a aithníodh tá ardtosaíocht á déanamh de roinnt tionscnamh feabhsúcháin faoi phlean nua-aoisiú agus athnuachan an Gharda 2016 – 2021:

- Forbraíodh struchtúr nua eagraíochtúil le ceannasaí aonair bainistíochta sinsearaí do róil pholasaí, iniúchta agus mhaoirseachta a threiseoidh rialú agus rialachas inmheánach.
- Tá creatlach bhainistíochta polasaí á forbairt a sholáthróidh cur chuige trédhearcach agus comhordaithe i dtaca le forbairt, cur i bhfeidhm agus monatóireacht pholasaí.

Cuireadh an cur chuige athbhreithnithe i leith bainistíochta riosca i bhfeidhm i ráithe a haon 2017. Tá an cur chuige seo dírithe ar chóras mar a n-aithnítear, mar a measúnaítear, mar a mbainistítear agus mar a dtuairiscítear rioscaí laistigh de réimse freagrachta agus mar a gcuirtear na rioscaí céanna in ord tosaíochta. Cuirfidh seaimpíní riosca agus ceannfoirt dhroma tacaíocht ar fáil chun cinntiú go mbaintear feidhm as an gcur chuige athbhreithnithe go rafar i ngach réigiún, i ngach rannán agus i ngach dúiche. Tacófar le gach bainisteoir riosca ag Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána. Déantar maoirseacht ar an bpróiseas seo ag an mBord um Rialachas Riosca agus Polasaí, a bunaíodh chun treoir straitéiseach a sholáthar i dtaca le bainistiú riosca agus le bainistiú polasaí sa Gharda Síochána. Cinnteoidh an Bord, a bhfuil príomhbhainisteoirí sinsearacha ina mbaill de, go mbainistítear agus go maolaítear go héifeachtach rioscaí corparáideacha na heagraíochta.

Chun tacú leis an gcur chuige seo, tá oiliúint curtha ar fáil ag Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána do na bainisteoirí sinsearacha agus leanfaidh sé air de bheith ag cur oiliúna ar fáil do na bainisteoirí sinsearacha agus mar chuid de mhodúil ardaithe chéime. Ina theannta sin, forbraíodh leathanach nua tiomnaithe gréasáin faoi bhainistiú riosca ar Thairseach an Gharda, agus soláthraíonn sin raon ábhar tacaíochta leithéidí treoirlínte maitríse riosca agus teimpléid riosca chun catagóirí riosca ´dealraitheachta´ agus ´iarmhairte´ a ghrádú chomh maith le sainmhínithe gairide agus doiciméid éagsúla faisnéiseacha.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse idir an Garda Síochána agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Oifig Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litreacha árachais ó Oifigigh Chuntasaíochta de chuid Vóta 24-Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus Vóta 18-Seirbhísí Comhroinnte, go bhfeidhmítear na rialaithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don An Garda Síochána.

***Soláthar***

Cinntíonn an Garda Síochána go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte, seachas i gcás 94 conradh ar a raibh luach €27,803,949 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.

- 25 conradh ar a raibh luach €3,959,052 íocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe aonair agus le seirbhísí a bhain le slándáil.
- Síneadh 27 gconradh ar luach €20,258,511 thar bhundáta an chonartha gan soláthar iomaíoch. Táthar i mbun tairiscintí a lorg i 2017 do na seirbhísí seo. Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an Garda Síochána ag cur chun cinn iarratas forlíontach le haghaidh tairisceana do sheirbhísí ateangaireachta.
- 21 Íocadh gconradh ar a raibh luach €2,155,361 i dtaca le seirbhísí leighis i gcomhréir le rátaí ceadaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh seirbhísí gairmiúla. Tugadh faoi thairiscint iomaíoch do sheirbhísí leighis le tacaíocht na FSS, tairiscint atá ag céim tabhairt chun críche mheasúnaithe thairisceana.
- Sna 21 cás déag eile ar a raibh luach €1,431,025 bhí socruithe áitiúla conartha i bhfeidhm i gcoinne treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá socruithe conraithe curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána cheana féin do roinnt de na soláthairtí seo agus tá sé ag dul i mbun beart chun tairiscintí a chur i bhfeidhm in 2017 d’fhuílleach na soláthairtí seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGarda Síochána le pearsanra atá oilte go cuí. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá roimh na nGarda Síochána i bhfeidhm ar a chuid oibre agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Bainistíocht Maoine agus Fianaise

Riosca airgeadais agus clú a bhíodh ag tarlú go minic a bhí i gceist le bainistiú, taifeadadh agus stóráil réadmhaoine a cuireadh i seilbh an Gharda Síochána, idir chinn fhianaiseacha agus chinn neamhfhianaiseacha, agus aithníodh an riosca seo ag Iniúchadh Inmheánach i 2016. Mar chuid den Chlár um Thrasfhoirmiú Straitéiseach, críochnaíodh dhá stóras nua réadmhaoine rannáin agus bainistíochta foilseáin i 2016; críochnófar trí cinn eile i 2017 agus tá cúig cinn eile beartaithe do 2018 a thabharfaidh aghaidh ar an easnamh toillidh stórála. Ina theannta sin cuireadh tús le feidhmiú córais nua faisnéise do rianú foilseán i Mí Mhárta 2016 agus déanfar seo a chomhtháthú i gcóras PULSE i 2017, rud a éascóidh bainistiú éifeachtach iomlánaíoch réadmhaoine agus foilseán atá i seilbh an Gharda Síochána.

Ró-íocaíochtaí Párolla agus Pinsin an Gharda

Eascraíonn ró-íocaíocht tuarastal Gardaí agus sibhialtach den chuid is mó as tabhairt déanach fógra faoi shaoire bhreoiteachta/mháithreachais, faoi dhul ar scor, faoi éirí as nó briseadh as post agus faoi iarratais a thacaíonn le teaghlaigh do Lárionad na Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Chun aghaidh a thabhairt ar ró-íocaíocht tuarastal agus phinsean an Gharda, bhunaigh Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna an Gharda aonad tiomnaithe i 2014 chun pleananna aisghabhála ró-íocaíochta a chur i bhfeidhm. Ó bhí 2014 ann agus suas go dtí 2016, bhí roinnt ceisteanna maidir le hacmhainní a chur ar fáil ag baint leis an Aonad Ró-íocaíochtaí. Réitíodh iad seo i Mí Feabhra 2017. Go dtí seo, comhaontaíodh pleananna aisghabhála do 69% de phinsin ró-íoctha an Gharda agus do 65% de thuarastail ró-íoctha do Ghardaí agus do shibhialtaigh.

Tarlaíonn ró-íocaíocht phinsean Garda go príomha mar gheall ar íocaíocht phinsean roimh ré seachas i riaráiste de réir noirm na seirbhíse poiblí. D´iarr an Garda Síochána ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais Ordú na bPinsean 1925 a leasú chun íocaíocht phinsin a éascú i riaráiste tar éis dul i gcomhairle le Cumainn an Gharda.

***Iniúchadh Choláiste an Gharda Síochána***

Ba é tátal tuarascála iniúchta inmheánaí (Mí Feabhra 2017) gurbh ann do mhírialtachtaí suntasacha airgeadais i mbainistiú airgeadais Choláiste an Gharda Síochána le blianta fada anuas. Rinne an tuarascáil naoi moladh déag chun comhlíonadh na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí a chinntiú. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun tús a chur le cur i bhfeidhm na moltaí. Ag 31 Lúnasa 2017, tá trí cinn de na naoi moladh déag tar éis a bheith curtha i bhfeidhm agus táthar ag súil leis go gcuirfear an chuid eile acu i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. Thug Iniúchadh Inmheánach faoi iniúchadh eile maidir le bainistiú airgid thirim agus maidir le bainistiú ginearálta bhialann agus shiopa Choláiste an Gharda Síochána, agus tá obair eile iniúchta beartaithe do 2017.

Bhí na ceisteanna seo faoi réir ag tuarascáil ón gCoiste Dála um Chuntais Phoiblí, tuarascáil a d´fhoghlaim nár cuireadh na struchtúir mhaoirseachta ar an eolas faoi na ceisteanna imní ar bhealach tráthúil. Ag eascairt as cinneadh na n-iniúchtaí seo cuireadh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ar an eolas faoi roinnt ceisteanna chun imscrúdú a dhéanamh sa todhchaí agus tá na himscrúduithe seo fós ar siúl.

Tar éis athbhreithnithe ar chórais, iarradh ar bhainisteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar gach taifead chun go mbeidís lánchinnte gur cuireadh gach tuarascáil ábhartha ar aghaidh chuig Rannóg Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána (RIIGS) agus chun cinntiú go dtaifeadtar gach riosca ar na cláir riosca. Cuireadh polasaí athbhreithnithe bainistíochta riosca i bhfeidhm i Mí Mhárta 2017. Tá rochtain ag RIIGS ar an gclár riosca ag gach céim agus tabharfar faisnéis don Choiste Iniúchóireachta faoi na tuarascálacha riosca. Tabharfar an t-eolas is déanaí don Údarás Póilíneachta faoi na tuarascálacha riosca agus cuirfear an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an eolas.

***Ceisteanna faoin bhFógra Muirear Seasta agus faoin Tástáil Anála***

I Mí Mhárta 2017 thug an Garda Síochána eolas faoi ábhar imní maidir le riar na bhfógraí muirear seasta agus faoi thástálacha anála cois bóthair.

Maidir le fógraí muirear seasta d´aithin scrúdú a rinneadh ar 830,687 toghairm, a eisíodh idir 1 Eanáir 2006 agus 27 Bealtaine 2016 gur tugadh san iomlán 146,865 duine a rinne cion os comhair na cúirte go mícheart. I measc na dtoghairmeacha seo, bhí de thoradh ar 14,700 cás gur gearradh pionós ag na cúirteanna. Ghlac an Garda Síochána air féin achomharc a dhéanamh faoi na torthaí sin os comhair na Cúirte Cuarda. Aisíocfar aon fhíneálacha a ghearrtar agus ceartófar gach taifead ábhartha.

Maidir le tástálacha anála, i Mí Mhárta 2017 d´aithin An Garda Síochána gurbh ann do neamhréiteach suntasach idir na sonraí a taifeadadh ar chóras ríomhaireachta an Garda Síochána (PULSE) do thástálacha anála cois bóthair le hais líon na dtástálacha anála a taifeadadh ar an ngléas a úsáidtear ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. D´aithin scrúdú an méid seo: ó Mhí Mheithimh 2009 go Mí Aibreáin 2017, taifeadadh 3,498,400 tástáil anála ar PULSE i gcomparáid le 2,040,179 tástáil a taifeadadh ar ghléasanna tástála Drager, sin neamhréiteach de 1,458,221 tástáil anála. Meascán easnamh a d´fhág gurbh fhéidir leis sin tarlú – easnaimh i dtaca le rialuithe teicneolaíochta agus sonraí, acmhainní, maoirseacht, polasaí, gnáthaimh agus oiliúint. Ag eascairt as cinneadh an scrúdaithe beidh fócas an Gharda Síochána dírithe níos mó ar oibríochtaí straitéiseacha póilíneachta ar bhóithre, ag díriú ar thorthaí seachas ar aschuir, agus díreofar ar chur i bhfeidhm infheistíochta sna meicníochtaí cuí tacaíochta, chun cur ar chumas bhaill an Gharda sonraí a thaifeadadh go cruinn.

**Dónall Ó Cualáin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

26 September 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 20 An Garda Síochána

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Garda Síochána agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais* Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

Bhí mar chuid de Vóta 20 athbhreithniú ar rialuithe oibríochtúla faoin airgead a eisítear don chlár slándála d´fhinnéithe agus, ar bhonn samplach, ar idirbhearta gaolmhara. Ar chúiseanna slándála, ní dhearnadh athbhreithniú ar fhaisnéis áirithe faoi na hidirbhearta sin.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag An Garda Síochána. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna ábhar de neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2016.

***Ag tuairisciú faoi nithe ag eascairt as an iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 12 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 20 An Garda Síochána.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2017

# Vóta 20 An Garda Síochána
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Ag oibriú le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,554,524 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,644 | | | |
| | *Forlíontach* | 20,500 | | | |
| | | | 1,581,668 | **1,570,562** | 1,503,468 |
| | **Ollchaiteachas** | | **1,581,668** | **1,570,562** | **1,503,468** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 112,976 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,500 | | | |
| | | | **123,476** | **123,894** | **128,485** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,441,548 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,644 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | **1,458,192** | **1,446,668** | **1,374,983** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dá éis sin.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 11,524,000 | 8,490,200 |
| Forghéilleadh iarchurtha | (9,344,000) | (6,644,000) |
| Barrachas lena thabhairt suas | 2,180,000 | 1,846,200 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 971,751 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,300 | 982,051 | 979,500 | 963,316 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,983 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,117 | 18,100 | 18,567 | 15,345 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,706 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,344 | 19,050 | 19,830 | 15,576 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 39,647 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,903 | 42,550 | 40,630 | 43,687 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 37,212 | | | |
| | | *Forlíontach* | 16,599 | 53,811 | 51,525 | 38,598 |
| vi | Cothabháil áitreabh an Gharda Síochána | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 721 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,979 | 3,700 | 3,818 | 3,347 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | | 261 | 327 | 231 |
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 18,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,600 | 20,300 | 20,032 | 19,530 |
| ix | Cúltaca an Gharda Síochána | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 895 | | | |
| | | *Forlíontach* | (495) | 400 | 341 | 439 |
| | | | | 1,140,223 | 1,134,570 | 1,100,069 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 An Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 435,992 | 403,399 |
| Pá[a] | | 979,500 | 963,316 |
| Neamhphá | | 155,070 | 136,753 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,570,562** | **1,503,468** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **123,894** | **128,485** |
| **Ollchaiteachas** | | **1,446,668** | **1,374,983** |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (26,759) | | |
| Dímheas | 17,332 | | |
| Airgead tirim ó dhiúscairtí | 35 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 128 | (9264) | (6,877) |
| **Scócmhainní á bhfobairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (9,032) | (5,073) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | 4,950 | | |
| Méadú ar stoc | (1,296) | | |
| | | 3,654 | (9,132) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,432,026** | **1,353,901** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 21,432 | 20,617 |
| **Glanchostas cláir** | | **1,453,458** | **1,374,518** |

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid measta seo a leanas i ndáil le Vóta 20 atá seasta in áit éigin eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 17,034 | 17,856 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | m | 2,688 | 993 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 2,605 | 2,884 |
| *Lúide* | | | |
| Seirbhísí á soláthar ag an nGarda Síochána do Vótaí eile[a] | m | (895) | (1,116) |
| | | 21,432 | 20,617 |

Tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

[a] Cuireadh iompar Garda ar fáil mar choimhdeachta do phearsanra de chuid na Seirbhíse Príosúin chun príosúnaigh a thabhairt chun na cúirte.

Chuir na Fórsaí Cosanta cúnamh ar fáil don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan aon íocaíocht.

Bhain An Gharda Síochána úsáid as aerárthaí an Aerchóir le linn 2016 gan aon íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór saor in aisce freisin maidir le haerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda a oibriú agus costais phíolótaí héileacaptair an Gharda.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 56,816 | 51,063 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 16,329 | 7,297 |
| | | **73,145** | **58,360** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 49,617 | 46,571 |
| Stoic | 2.5 | 7,293 | 5,997 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 11,751 | 11,731 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,147 | 3,540 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 5,690 | 3,705 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **76,498** | **71,544** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.8 | 9,584 | 9,518 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.9 | 45,783 | 43,536 |
| An glandliteanas leis an Státchiste | 2.10 | 9,524 | 6,740 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **64,891** | **59,794** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **11,607** | **11,750** |
| **Glansócmhainní** | | **84,752** | **70,110** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **84,752** | **70,110** |

| **2.1 Cuntas Cistithe an Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 70,110 | 49,028 |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,458,192 | | |
| Forghéilleadh iarchurtha | | (9,344) | | |
| Barrachas lena thabhairt suas | Cuntas | (2180) | | |
| Glanvóta | | | 1,446,668 | 1,374,983 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áiteanna eile | 1 | | 21,432 | 20,617 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,453,458) | (1,374,518) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **84,752** | **70,110** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Aerárthach | Báid mótair | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2016 | 18,637 | 1,060 | 68,732 | 168,190 | 5,959 | 262,578 |
| Breiseanna [a] | — | — | 12,617 | 10,453 | 178 | 23,248 |
| Diúscairtí | — | — | (7,932) | (951) | — | (8,883) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2016 | 18,637 | 1,060 | 73,417 | 177,692 | 6,137 | 276,943 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2016 | 11,734 | 947 | 45,065 | 149,795 | 3,974 | 211,515 |
| Dímheas don bhliain | 905 | 68 | 10,130 | 5,797 | 432 | 17,332 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (7,774) | (946) | — | (8,720) |
| Dímheas carntha an 31 Nollaig 2016 | 12,639 | 1,015 | 47,421 | 154,646 | 4,406 | 220,127 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2016** | **5,998** | **45** | **25,996** | **23,046** | **1,731** | **56,816** |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2015** | **6,903** | **113** | **23,667** | **18,395** | **1,985** | **51,063** |

[a] San áireamh sna méideanna breise tá sócmhainn a bhaineann le bothán iniompartha a aistríodh chuig an nGarda Síochána ó Shaotharlann Phaiteolaíochta an Stáit. Ba é glanluach na sócmhainne de réir na leabhar ná €60,000.

**2.3 Sócmhainní caipitil á bhForbairt**

| | Tionscadal Schengen[a] | Tionscadal MIMS[b] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2016 | 2,676 | 4,621 | 7,297 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 4,000 | 5,032 | 9,032 |
| Aistrithe chuig an gClár Sócmhainní | | | |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2016 | 6,676 | 9,653 | 16,329 |

[a] Forbraíodh Córas Faisnéise Schengen mar chuid de Choinbhinsiún Schengen a cheadaíonn baint na dteorainneacha inmheánacha agus a sholáthraíonn comhoibriú méadaithe idir fórsaí póilíneachta na mBallstát. Cuireadh tús arís leis an tionscadal go déanach i 2016 tar éis soláthar luach €4 mhilliún de mhaoiniú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Caitheadh na €4 mhilliún ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta TFC sa bhliain. Tá costas measta ar luach €21.7 milliún ag baint leis an tionscadal agus meastar go gcríochnófar é i 2019.

[b] Tacaíonn an Córas Bainistíochta Mórimscrúdaithe le haonaid speisialaithe laistigh den Gharda Síochána le haghaidh gabháil, anailís agus scaipeadh faisnéise. Tá costas measta cúig bliana ag baint le tionscadal CBMI de €24.8 milliún agus foinsíodh soláthróir tosaíochta tar éis comórtais tairisceana. Baineadh feidhm as Céim 2 i 2015 agus cuireadh tús le forbairt chéimeanna 3a, 3b agus 5 i 2015, rud ar leanadh ar aghaidh leis i 2016. Meastar go gcríochnófar é i 2018.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta | 29,442 | 26,810 |
| Orduithe gan íoc | | — |
| Cuntais bhainc thráchtála | 20,175 | 19,761 |
| | 49,617 | 46,571 |

Léiríonn iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála €15,576,065 in 2016 (2015: €15,110,000) i dtaca le cuntas bainc thráchtála a fheidhmítear ag An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Seirbhísí Comhroinnte Párolla. An t-iarmhéid € 4,598,811is atá á reáchtáil ag An Garda Síochána i 114 cuntais Imprest (2015: € 4,651,000).

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 454 | 419 |
| Stoc theileachumarsáide | 969 | 1,038 |
| Éide | 2,801 | 2,299 |
| An Biúró Teicniúil | 128 | 99 |
| Stoc na Náisiún Aontaithe | 143 | 87 |
| Armlann | 2,141 | 1,493 |
| Ilghnéitheach | 657 | 562 |
| | 7,293 | 5,997 |

**2.6 Réamhíocaíochtaí**

Is é atá sna réamhíocaíochtaí ná cinn na Seirbhíse Náisiúnta Raidió Dhigitigh ar luach €6.9 milliún agus cinn acmhainní oilte TFC ar luach €2.9 milliún agus baineann an chuid eile leis na fo-cheannteidil eile.

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 4,158 | 1,480 |
| Óinchistí | 698 | 789 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | — | 753 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 420 | 501 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 414 | 182 |
| | 5,690 | 3,705 |

**2.8 Costais Fhabhraithe**

B´ann do chostais fhabhraithe ar luach €9.58 milliún ag deireadh na bliana, ar bhain €0.98 milliún acu le ceannaigh caipitil – bhain €0.81 milliún den mhéid sin le ceannach feithiclí Garda. Bhí san áireamh sna costais fhabhraithe freisin caiteachas ar luach €1.2 milliún do bhreosla agus do chothabháil loingeas an Gharda, €1.2 milliún do chonradh seachfhoinsithe GoSafe, €1.4 milliún do thaisteal agus do liúntas cothaithe, €0.9 milliún don chóras náisiúnta raidió dhigitigh, €1 milliún do sheirbhísí stáisiúin agus an chuid eile caite ar roinnt fo-cheannteidil eile.

| **2.9 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 22,268 | 21,651 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 9,309 | 8,608 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí | 2,223 | 1,311 |
| Gairmiúla | 732 | 639 |
| | | |
| Cáin Bhreisluacha | 9 | |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 778 | 1,015 |
| Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | 1 | 9 |
| Scéim Pinsin na Státseirbhíse | 67 | 148 |
| Cuntais na nGardaí | 4,599 | 4,651 |
| | 39,986 | 38,032 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 4,882 | 4,961 |
| Ciste Luaíochta an Gharda Síochána | 392 | 359 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 523 | 184 |
| | 45,783 | 43,536 |

| **2.10 An Glandliteanas leis an Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 2,180 | 1,846 |
| Forghéilleadh iarchurtha | 9,344 | 6,644 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,000) | (1,750) |
| An glandliteanas leis an Státchiste | 9,524 | 6,740 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 49,617 | 46,571 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 5,690 | 3,705 |
| | 55,307 | 50,276 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (39,986) | (38,032) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (5,797) | (5,504) |
| | (45,783) | (43,536) |
| | | |
| | 9,524 | 6,740 |

| **2.11 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **a) Ceangaltais Ilréimseacha** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 93,635 | 17,005 |
| Tionscadail chaipitil | 83,240 | 83,459 |
| Líon iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 176,674 | 100,464 |

Míniú

Ba é luach na gceangaltas, maidir le soláthar earraí agus seirbhísí ag deireadh 2016 ná €93.4 milliún. Ba é luach cheangaltas GoSafe ná €92.3 milliún, a raibh i gceist leis síneadh leis an gconradh atá i bhfeidhm cheana go dtí Mí Aibreáin 2017 agus conradh nua sé bliana a síníodh i Mí Lúnasa 2016 agus atá le tosú i Mí na Bealtaine 2017.

**b) Ceangaltais Ilbhliantúla chaipitil**

| **Tionscadal** | **Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2015** | **Caiteachas in 2016** | **Ceangaltais Tionscadail i mBlianta dá Éis sin** | **Caitheamh Ionchasach Iomlán i rith Shaolré an Tionscadail in 2016** | **Caitheamh Ionchasach Iomlán i rith Shaolré an Tionscadail in 2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceanncheathrú Réigiúnach/Roinne** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| • Gaillimh | 639 | 6,699 | 23,616 | 30,954 | 28,346 |
| • Sráid Chaoimhín | 6,357 | 10,748 | 16,453 | 33,558 | 31,191 |
| • Loch Garman | 2,831 | 10,386 | 13,000 | 26,217 | 25,311 |
| **Céimeanna 3a, 3b agus 5 MIMS** [a] | 4,621 | 5,032 | 15,147 | 24,800 | 24,800 |
| | 2,676 | 4,000 | 15,024 | 21,700 | 23,900 |
| | **17,124** | **36,865** | **83,240** | **137,229** | **133,548** |

[a] Bhí an figiúr comparáideach i 2015 mícheart agus athshonraíodh é ag €24.8 milliún.

**Comhathruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás go ndeachaigh ceangaltais ilhbliantúla i méid faoi níos mó ná €500,000 ó 2015 go 2016.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Gaillimh | 2,608 | D´éiligh leasuithe a rinneadh don bhundearadh oibreacha breise struchtúrtha. Ina theannta sin rinneadh athruithe eile dearaidh chun riachtanais an Gharda a chomhlíonadh, rud a mhéadaigh na costais iomlána ionchais. |
| Sráid Chaoimhín | 2,367 | Mar gheall ar dhrochstaid an talaimh, theastaigh oibreacha breise caidéalaithe uisce agus íoslaigh coincréite, rud a ghin costais agus moill bhreise. |
| Loch Garman | 906 | Chuaigh na costais ionchais i méid de thoradh ar chur san áireamh chostais fhoireann deartha thionscadail OOP. |
| Schengen | (2,200) | Ag deireadh 2015 ba é luach chostais ionchais saolré an tionscadail ná €23.9 milliún; tar éis tabhairt chun críche na hidirbheartaíochta conartha laghdaíodh an figiúr seo go €21.7 milliún. |

**2.12 Dliteanais Aibithe**

B´ann do luach €397 de dhliteanais aibithe neamhurscaoilte ag deireadh na bliana 2016.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fotheidil

| | | Soláthar meastacháin | | 2016 Toradh | 2015 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Ag oibriú le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu** | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 971,751 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,300 | 982,051 | 979,500 | 963,316 |
| A.2 | Riarachán – Neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 126,125 | | | |
| | *Forlíontach* | 32,047 | 158,172 | 155,070 | 136,753 |
| A.3 | Éadaí agus oiriúintí | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,764 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,736 | 4,500 | 4,704 | 4,356 |
| A.4 | Cumann Lia-Chúnamh Naomh Pól an Gharda Síochána | | 124 | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | |
| | *Bunaidh* | 28,516 | | | |
| | *Forlíontach* | 334 | 28,850 | 29,116 | 28,017 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 29,027 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,076 | 31,103 | 31,745 | 30,440 |
| A.7 | Aerárthach | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,050 | | | |
| | *Forlíontach* | 550 | 1,600 | 1,607 | 2,869 |
| A.8 | Aoisliúntas, srl. | | | | |
| | *Bunaidh* | 325,542 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,500) | 320,042 | 319,272 | 310,962 |
| A.9 | Costais finnéithe | | 1,805 | | 1,652 |
| A.10 | Cúiteamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,622 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,122) | 15,500 | 17,332 | 13,954 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | | | 1,198 |
| | *Bunaidh* | 1,198 | | | |
| | *Forlíontach* | 122 | 1,320 | 1,320 | 1,198 |
| A.12 | Clár caipitiúil tógála | | | | |
| | *Bunaidh* | 50,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,644 | | | |
| | *Forlíontach* | (20,043) | 36,601 | 29,097 | 9,827 |
| | | | 1,581,668 | 1,570,562 | 1,503,468 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár A €11.1 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | (7,749) | B´ann d´athraitheas barrachais ar luach €7.75 milliún ar an mbunbhuiséad de €971.8 milliún. Tharla sin mar gheall ar na costais bhreise a bhain le roinnt imeachtaí aon uaire a tharla i 2016, leithéidí na Cuairteanna Stáit a rinneadh ag Leasuachtarán SAM, Joe Biden, (€3.15 milliún) agus Prionsa na Breatain Bige (€0.5 milliún), chomh maith le ceiliúradh Chéad Bliain 1916 (€2.8 milliún) a tharla le linn tréimhse na Cásca. Theastaigh cistí breise freisin chun leanúint ar aghaidh le hoibríochtaí leanúnacha póilíneachta maidir le coireacht eagraithe agus Oibríocht Thor. Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €10.3 milliún sa mheastachán forlíontach. Tharla tearc-chaitheamh ar luach €2.55 milliún maidir leis an mbuiséad forlíontach a bhain go príomha le soláthar €2 milliún don iarmhéid bliantúil géilliúna faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. |
| Riarachán-neamhphá | (28,945) | B´ann d´athraitheas barrachais ar luach €28.95 milliún ar an mbunbhuiséad de €126 milliún. Tá seo mar gheall ar riachtanais bhreise mhaoinithe thar roinnt fo-cheannteideal neamhphá. Go háirithe, mar gheall ar thearc-chaiteachas suntasach maidir leis an gclár tógála caipitil, athleithdháileadh suim ar luach €16 milliún d´fho-cheannteideal caipitil TF chun infheistíocht a thabhairt ar aghaidh i gcórais chriticiúla TFC, leithéidí céimeanna breise na mórchóras imscrúdaithe (CBMI). Tabhaíodh freisin caiteachas breise a bhain le líon na n-earcach don Gharda sa bhuiséad oiliúna. Ina theannta sin, thabhaigh na cuairteanna stáit ag Leasuachtarán SAM, Joe Biden, agus ag Prionsa na Breataine Bige, chomh maith le ceiliúradh aon uaire Chéad Bliain 1916, caiteachas breise faoi chostais taistil agus liúntais chothaithe agus faoi chostais theagmhasacha. Chuige sin, méadaíodh an leithdháileadh faoi €32 milliún sa mheastachán forlíontach. Tharla tearc-chaitheamh ar luach €3.1 milliún maidir leis an mbuiséad forlíontach de thoradh ar mhoill i dtaca le roinnt caiteachais TFC a bhí beartaithe agus de thoradh ar choigilteas a gineadh faoi fho-cheannteidil éileamhbhunaithe eile. |
| Éadaí agus oiriúintí | (1,940) | B´ann d´athraitheas barrachais ar luach €1.94 milliún ar an mbunbhuiséad de €2.8 milliún. D´eascair na costais bhreise as riachtanais éide earcaigh nua an Gharda agus feistiú an Aonaid nuabhunaithe Fhreagartha faoi Airm i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. Méadaíodh an bunleithdháileadh buiséid faoi €1.7 milliún sa mheastachán forlíontach. B´ann do róchaitheamh ar luach €0.2 milliún ar an mbuiséad forlíontach mar gheall ar éileamh méadaithe faoi na réimsí thuasluaite, rud a fritháiríodh ag coigilteas a gineadh faoi fho-cheannteidil eile. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Iompar | (600) | B´ann d´athraitheas barrachais ar luach €0.6 milliún ar an mbunbhuiséad de €28.5 milliún. Tharla seo mar gheall ar mhaoiniú caipitil breise laistigh den Vóta chun soláthar feithiclí nua Garda a thabhairt ar aghaidh ó 2017. Ba í an infheistíocht iomlán sa loingeas iompair i 2016 ná €10 milliún. Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €0.33 milliún sa mheastachán forlíontach de thoradh ar an gcostas breise caipitil san fho-cheannteideal seo ar luach €4 mhilliún a fritháiríodh go páirteach ag coigilteas ionchais de thart ar €3.67 milliún maidir le costais chothabhála agus reáchtála loingeas an Gharda. Tharla an coigilteas caiteachais reatha seo go príomha mar gheall ar chostais laghdaithe bhreosla agus mar gheall ar leibhéal níos lú costas cothabhála mar gheall ar chéatadán na bhfeithiclí níos nua i loingeas an Gharda. Cé gurbh ann do róchaitheamh ina dhiaidh sin ar luach €0.27 milliú |
| Cumarsáid agus trealamh eile | (2,718) | B´ann d´athraitheas barrachais ar luach €2.7 milliún ar an mbunbhuiséad de €29 milliún. Baineann an soláthar breise le ceangaltais mhéadaithe chumarsáide agus riachtanais bhreise arm tine agus trealaimh maidir leis an Aonad nuabhunaithe Freagartha Faoi Airm i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath agus maidir leis an Aonad Práinnfhreagartha chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe. Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €2.07 milliún sa mheastachán forlíontach. B´ann do thearc-chaitheamh ar luach €0.64 milliún ar an mbuiséad athbhreithnithe mar gheall ar an moill i dtaca le fáil sonrasc áirithe chun spriocdhátaí íocaíochta a chomhlíonadh ag deireadh na bliana. |
| Aerárthaí | (557) | B´ann d´athraitheas barrachais ar luach €0.56 milliún ar an mbunbhuiséad de €1.05 milliún. Tharla an riachtanas breise go príomha mar gheall ar chostas méadaithe cothabhála (€0.3 millún) agus athsholáthair threalaimh ar aerárthaí an Gharda. Theastaigh uaireanta breise eitilte freisin maidir leis na móroibriúcháin phóilíneachta do chuairteanna an Leasuachtaráin Biden agus an Phrionsa Séarlas agus do cheiliúradh 1916 (€0.2 milliún). Chuige sin méadaíodh an bunbhuiséad faoi €0.55 milliún sa mheastachán forlíontach. |
| Aoisliúntas | 6,270 | B´ann d´athraitheas dearfach ar luach €6.27 milliún ar an mbunbhuiséad de €325.5 milliún mar gheall ar líon níos ísle daoine a chuaigh ar scor ná mar a bhíothas ag súil leis i dtús báire. Mar thoradh air sin, laghdaíodh an bunbhuiséad faoi €5.5 milliún sa mheastachán forlíontach. B´ann do choigilteas breise ar luach €0.77 milliún ar an mbuiséad forlíontach mar gheall ar líon níos ísle daoine a chuaigh ar scor ná mar a bhíothas ag súil leis i Mí na Nollag, agus mar gheall ar uainiú roinnt dul ar scor ag deireadh na bliana a raibh de thoradh air déanamh na n-íocaíochtaí gaolmhara aisce i 2017. |
| Táillí na bhfinnéithe | 130 | D´eascair an coigilteas mar gheall ar laghdú san éileamh oibríochtúil. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cúiteamh | (710) | B´ann d´athraitheas barrachais ar luach €0.71 milliún ar an mbunbhuiséad de €16.6 milliún. Is é an rud gur laghdaíodh, áfach, an bunbhuiséad faoi €1.1 milliún sa mheastachán forlíontach, ós rud é go rabhthas ag súil leis go n-eascródh coigilteas mar go raibh laghdú a bhí le sonrú i líon na gcásanna Ardchúirte, 28 gcinn, a próiseáladh tríd an Acht um Chúiteamh an Gharda Síochána 2016 le hais a measadh roimhe sin chomh maith le laghdú sna costais dlí a bhaineann le hachomhairc faoi cheadúnais airm thine. Ba é an laghdú le hais an mheastacháin ar na hachomhairc cheadúnais airm thine ná €0.4 milliún. Tabhaíodh, áfach, barrachas deiridh bhliana ar luach €1.8 milliún tar éis íocaíochta móire caingne sibhialta ar luach €1.75 milliún i Mí na Nollag 2016 maidir le cás iomraill cheartais a rabhthas ag súil leis go n-íocfaí é i 2017 sa chéad dul síos. |
| Clár tógála caipitil | 20,903 | B´ann d´athraitheas ar luach €20.9 milliún ar an mbunbhuiséad de €50 milliún faoin gclár tógála chaipitil. D´eascair sin mar gheall ar mhoill maidir le cur i gcrích tionscadal áirithe, lena n-áirítear an Cheanncheathrú nua Roinne i Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath. Laghdaíodh an bunbhuiséad faoi €20.04 milliún sa mheastachán forlíontach a cheadaigh athleithdháileadh an mhaoinithe chaipitil seo laistigh den Vóta d´fho-cheannteidil TFC (€16 milliún) agus Iompar (€4 milliún). Ba chuid den €9.34 milliún a tugadh ar aghaidh go 2017 faoi na forálacha comhaontaithe tabhairt anonn caipitil é an tearc-chaitheamh de €7.5 milliún le hais an bhuiséid fhorlíontaigh. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | | | 12,501 |
| | *Bunaidh* | 12,278 | | | |
| | *Forlíontach* | (228) | 12,050 | 11,962 | 12,501 |
| 2 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin an Gharda Síochána | | 21,528 | 21,669 | 22,583 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,900 | 11,900 | 12,149 | 11,622 |
| 4 | Fáltais ó bhainc i leith seirbhísí tionlacain airgid | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 1,273 | 1,273 | 1,273 | 999 |
| 5 | Táillí Arm Tine | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 750 | 10,750 | 10,578 | 3,139 |
| 6 | Ceamaraí sábháilteachta - fáltais áirithe ó mhuirir sheasta | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,770 | | | |
| | *Forlíontach* | 330 | 14,100 | 13,991 | 17,279 |
| 7 | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach as luach saothair seirbhíse poiblí. | | | | |
| | *Bunaidh* | 45,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,475 | 51,875 | 52,272 | 60,362 |
| | | | **123,476** | **123,894** | **128,485** |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteidil ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim a réamh-mheasadh de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha (féach nóta 4.2) | (2,149) | B´ann d´athraitheachas ar luach €2.15 milliún ar an mbunbhuiséad de €10 milliún de thoradh ar fháltais a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis do sheirbhísí dualgais neamhphoiblí mar gheall ar thráthúlacht an airgid a fuarthas. Ina theannta sin gineadh fáltais a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis faoi fhorghéillítí don Stát. Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €1.9 milliún sa mheastachán forlíontach chun aghaidh a thabhairt ar na fáltais bhreise seo. Fuarthas, áfach, fáltais bhreise ar luach €0.25 milliún ar an leithdháileadh forlíontach mar gheall ar thráthúlacht airgid a fuarthas, rud a mbíonn sé deacair é a thuar. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí coimhdeachta airgid thirim | (1,273) | Níor cuireadh aon bhunmheastachán san áireamh le haghaidh fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí coimhdeachta airgid thirim ós rud é gur cuireadh deireadh leis na seirbhísí seo go luath i 2015. Aisghabhadh, áfach, suim ar luach €1.27 milliún i 2016 a bhain leis an mbliain roimhe sin agus ardaíodh meastachán forlíontach dá réir. |
| Táillí airm thine | (578) | B´ann d´athraitheas ar luach €0.58 milliún ar an mbunbhuiséad de €10 milliún mar gheall ar líon iarratas ar cheadúnais airm thine a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis faoin timthriall ceadúnaithe do thréimhse trí bliana. Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €0.75 milliún sa mheastachán forlíontach; b´ann, áfach, do thearc-chaitheamh ar luach €0.17 milliún ar an mbuiséad forlíontach mar gheall ar uainiú na bhfáltas. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar thuarastal na seirbhíse poiblí | (6,872) | B´ann d´athraitheas ar luach €6.9 milliún ar an mbunbhuiséad de €45.4 milliún, ós rud é go raibh líon na ndaoine a chuaigh ar scor níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a raibh de thoradh air líon níos airde Gardaí i mbun seirbhíse. Ina theannta sin, soláthraíodh maoiniú breise san fho-cheannteideal ragoibre le haghaidh oibríochtaí dírithe faoi choireacht eagraithe agus le haghaidh Oibríocht Thor, rud a raibh de thoradh air fáltais bhreise ó asbhaintí a bhaineann le pinsean. Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €6.5 milliún sa mheastachán forlíontach. |

**4.2 Anailís ar Fháltais Ilghnéitheacha**

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Íocaíocht do sheirbhísí dualgais neamhphoiblí soláthraithe ag Gardaí | 5,218 | 4,644 |
| Aisghabháil maidir le damáiste a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus maoin eile an Gharda Síochána | 202 | 219 |
| Fáltais ó fheithiclí athláimhe, seanstórais, maoin fhorghéillte agus neamhéilithe a dhíol | 931 | 1,638 |
| Táillí ar thuairiscí ar dhíobháil mhailíseach agus ar thimpistí | 740 | 765 |
| Ranníocaíochtaí d'áiteanna cónaithe | 54 | 54 |
| Costais finnéithe a aisghabháil | 7 | 7 |
| An céatadán gearrtha ar chomhlachtaí árachais chun préimheanna árachais a bhailiú | 86 | 87 |
| Táillí ceadúnais tacsaí | 208 | 192 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre - muirir Alt 41 | 2,337 | 2,067 |
| Táillí méarloirg do chuspóirí fostaíochta agus víosa | 50 | 46 |
| Crainn an Gharda Síochána | 523 | 492 |
| Dliteanas iompróra | 716 | 485 |
| Cártaí Aoise | 252 | 279 |
| Míreanna neamhrangaithe | 825 | 647 |
| | 12,149 | 11,622 |

**4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | 1,015 | 207 |
| Fáltais ó fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | | 3,650 | 3,409 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | | (3,887) | (2,601) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | | 778 | 1,015 |

**4.4 Fáltais ó fhógraí mhuirir sheasta**

Ba é luach iomlán na bhfáltas ó fhógraí mhuirir sheasta i 2016 ná €17.64 milliún (2015: €20.68 milliún). As an méid sin, coinníodh €13.99 milliún (2015: €17.28 milliún) mar leithghabháil i gcabhair an Vóta. Íocadh cuid eile na bhfáltas, €3.65 milliún (2015: €3.4 milliún) don Státchiste.

Tá an laghdú sna fáltais mar gheall ar laghdú iomlán i líon na bhfógraí muirir sheasta a eisíodh maidir le haimsithe luais neamh-idirghabhála. D´fhan an ráta íocaíochta maidir leis na fógraí mhuirir sheasta seo ina stad, a bheag nó a mhór, le méadú beag 1% sa ráta íocaíochta. Tá dhá chúis ag baint leis an laghdú i dtaca le haimsithe go ginearálta, le comhlíonadh méadaithe laistigh de na limistéir cheamara sábháilteachta agus laghdú ar líon veaineanna róbait an Gharda Síochána atá ag feidhmiú.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéiseacha lánaimseartha) | | |
| Baill an Gharda | 12,943 | 12,816 |
| Gardaí Mac Léinn | 507 | 250 |
| Sibhialtaigh | 1,999 | 2,007 |
| Cúltacairí an Gharda Síochána [a] | 682 | 941 |
| | 16,131 | 16,014 |

[a] Earcaítear cúltacairí an Gharda Síochána ag próiseas iarratais ar líne a bhainistítear ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Tá cúltacairí an Gharda Síochána i dteideal liúntas bliantúil a fháil ar luach €1,000 in aghaidh na bliana. Chun an liúntas seo a éileamh, áfach, ní mór do na cúltacairí 208 uair an chloig, ar a laghad, a dhéanamh thar thréimhse 12 mhí.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 625,808 | 638,386 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 344 | 339 |
| Liúntais eile | 193,455 | 202,600 |
| Ragobair | 91,076 | 56,330 |
| ÁSPC an Fhostóra | 68,817 | 65,661 |
| **Pá iomlán** | **979,500** | **963,316** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair uasta | Uasíocaíocht aonair uasta |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 194 | 2 | 11,056 | 15,863 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 12,512 | 3,154 | 67,947 | 62,996 |
| Liúntais le haghaidh sealoibre uainchláir | 12,889 | 7,231 | 36,894 | 33,571 |
| Ilghnéitheach | 13,622 | 740 | 74,021 | 75,421 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 12,871 | 11,820 | 102,651 | 82,036 |

**5.2 Ciste Luaíochta an Gharda Síochána**

Is é cuspóir an Chiste ná íoc as duaiseanna ar mhaithe le crógacht Ghardaí agus as ranníocaíocht bhliantúil le seirbhísí séiplíneachta an Gharda Síochána ó airgead a fuarthas i dtaca le fíneálacha disciplíneacha an Gharda Síochána.

Léiríonn an ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána is dual don Chiste sa bhliain, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tugtha anonn an 1 Eanáir | 407 | 379 |
| Fáltais | 86 | 82 |
| Íocaíochtaí | (52) | (54) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | 441 | 407 |

**5.3 Ró-Íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €1,313,072 (857 cás) (2015: €1,161,648 i 961 cás). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €472,113 (312 chás).

Ba é luach na ró-íocaíochtaí pinsin ag deireadh na bliana ná €498,684 (195 cás) (2015: €484,698 i185 cás). As sin, tá pleananna gnóthaithe i bhfeidhm ag €202,618 (27 chás).

**5.4 Socruithe luach saothair eile**

Rinneadh 23 státseirbhíseach a bhí ar scor, a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu, a athfhostú ar dhualgais éagsúla in 2016 ar chostas iomlán €73,692.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do chumainn ionadaíochta

Curtha san áireamh i bhfotheideal A.1 tá suim iomlán €241,514 i dtaca le luach saothair do bhaill an Gharda Shíochána ar saoire speisialta le pá do chumainn ionadaíochta foirne agus atá sannta d'eagraíochtaí leasa.

Íocadh deontais €58,000 an ceann le Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána agus le Cumann na nArd-Cheannfort.

Gearradh suimeanna €46,584 agus €131,743 i leith seirbhísí poist agus teileachumarsáide agus cóiríochta a bhain comhlachtaí ionadaíochta foirne agus eagraíochtaí leasa leas astu.

### 6.2 Coimisiúnú agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2016 | Toradh 2016 | Toradh 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Ronan McLouchlainn | 2014 | 288 | 81 | 207 |
| Coimisiún Imscrúdaithe O'Higgins | 2015 | 238 | 81 | 157 |

### 6.3 Ráiteas ar chaillteanais (feithiclí an Gharda Síochána, srl.)

Tuairiscíodh iomlán de 602 tionóisc lenar bhain feithiclí de chuid an Gharda Síochána in 2016 (2015: 682). B'ionann an damáiste agus costais eile a bhain leis na feithiclí agus €774,093. Aisghabhadh cúiteamh iomlán €78,974.

| 6.4 Calaois agus calaois amhrasta | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Míleithreasú líomhnaithe airgid | 7 | 8 |

Tharla 27 cás inar braitheadh/ inar líomhnaíodh caimiléireacht in 2016, cásanna atá á bhfiosrú ag an nGarda Síochána faoi láthair (2015: 25).

**6.5 Cúiteamh agus costais dlí**

Cuimsíonn an cuntas caiteachas i dtaca le costais dlí agus dámhachtainí cúitimh a fuarthas ag baill agus ag fostaithe de chuid an Gharda Síochána agus ag baill den phobal.

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a rinneadh a dhámhachtain** | **Costais dlí a bronnadh** | **Costais eile a bronnadh[a]** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag baill agus ag fostaithe an Gharda Síochána[b]** | | | | | | |
| Éilimh ag baill faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945 | 93 | 4,742 | 1,611 | — | 6,353 | 5,001 |
| Tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát le haghaidh díobhálacha a fuarthas ar dualgais [c] | 52 | 666 | 279 | 39 | 984 | 864 |
| Caingean dlí a ghlac baill den Gharda Síochána | 6 | 231 | 169 | — | 400 | 157 |
| **Éilimh shibhialta ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Éilimh ag eascairt ó ghníomhartha a rinne Gardaí i bhfeidhmiú a ndualgais | 227 | 4,244 | 2,392 | 27 | 6,663 | 5,535 |
| Éilimh (ó bhaill an Gharda Síochána san áireamh) a d'eascair as timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda Síochána páirteach | 218 | 2,064 | 637 | 113 | 2,814 | 2,251 |

An 31 Nollaig 2016

- Níor réitíodh 1,432 éileamh faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) (2015: 1,038).
- Níor réitíodh Bhí 178 éileamh sibhialta a bhain le timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2015: 196).
- Níor réitíodh 1,423 éileamh sibhialta seachas iad siúd a bhain le feithiclí an Gharda Síochána (2015: 643).

[a] Baineann costais eile a bronnadh le táillí gníomhaireachta, táillí iniúchóra, táillí leighis etc.

[b] Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €112,969 (2015: €143,628) de bhun na Scéime um Shochair Dhíobhálacha Ceirde a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní áirítear na híocaíochtaí seo sa tábla thuas.

[c] Féadtar íocaíochtaí páirteacha a áireamh leo seo i gcaitheamh roinnt blianta do chásanna aonair.

**6.6 Tabhairt anonn go 2017**

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €9.34 milliún i leithdháileadh neamhchaite maidir le heilimintí caipitil le haghaidh chlár tógála caipitil fho-cheannteideal A.12 ar aghaidh go 2017.

### 6.7 Tionscadail AE

B´ann do thrí thionscadal a maoiníodh ag an AE i 2016; seo a leanas na cistí a fuarthas le linn na bliana:

| **Tionscadail AE** | **2016** |
|---|---|
| | **€000** |
| An Ciste um Shlándáil Inmheánach | 1,109 |
| BroadMap | 93 |
| Slándáil | 11 |
| Iomlán | 1,213 |

Is é aidhm an Chiste um Shlándáil Inmheánach ná Straitéis Shlándála Inmheánaí a chur chun cinn chomh maith le comhoibriú i bhforghníomhú an dlí agus bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais. Beidh an ciste ag díriú ar dhá chuspóir shonracha ó 2014 go 2020:

- **An troid in aghaidh na coireachta:** ag dul i ngleic le coireacht trasteorann, le coireacht thromchúiseach agus le coireacht eagraithe, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht, agus treisiú comhordaithe agus comhoibrithe idir údaráis fhorghníomhaithe dlí agus údaráis náisiúnta eile de chuid bhallstáit an AE, EUROPOL agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an AE san áireamh, agus le heagraíochtaí ábhartha neamhAE agus idirnáisiúnta.
- **Ag bainistiú riosca agus géarchéime:** ag cur feabhais ar chumas bhallstáit an AE agus ar chumas an AE féin do bhainistiú éifeachtach riosca agus géarchéime a bhaineann le cúrsaí slándála, agus ag ullmhú chun daoine agus infrastruchtúr criticiúil a chosaint in aghaidh ionsaithe sceimhlitheoireachta agus teagmhais eile a bhaineann le cúrsaí slándála.

Tá BroadMap chun riachtanais reatha eagraíochtaí cosanta poiblí agus fóirithinte anachaine a bhailiú agus a bhailíochtú agus é mar aidhm croíghrúpa sonraíochtaí socraithe a leagan amach, chomh maith le treochlár le haghaidh soláthair chun forbairt todhchaí fheidhmchlár leathanbhanda agus réiteach cumarsáide raidió comh-inoibritheach an AE a bhaint amach.

Tá ´Slándáil´ chun feabhas a chur ar úsáid na meán sóisialta i réimse an bhainistithe anachaine trí fhorbairt chórais fhaisnéise meáin shóisialta atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá eiticiúil agus a bheadh le húsáid i gcásanna éagsúla éigeandála.

Le linn na bliana faightear maoiniú ó CEPOL freisin. Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é CEPOL atá tiomanta d´fhorbairt, do chur i bhfeidhm agus do chomhordú oiliúna d´oifigigh fhorghníomhaithe dlí. I 2016, seachadadh dhá chlár oiliúna CEPOL, dar teideal ´Ionstraimí agus Córais Chomhoibrithe Phóilíneachta Eorpaí i mBéarla´ d´oifigigh fhorghníomhaithe dlí in Éirinn. Chuir CEPOL luach €119,000 de mhaoiniú ar fáil don Gharda Síochána chun na cúrsaí seo a sholáthar.